

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0191 (NLE)**

**12440/25
ADD 2**

**COLAC 127
POLCOM 211
SERVICES 47
FDI 42**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 356 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 356 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 356 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 356 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFÍ

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Sonraítear san Iarscríbhinn seo oibleagáidí gach Páirtí maidir le laghdú nó díothú dleachtanna custaim i gcomhréir le hAirteagal 10.4.
2. Déanfaidh gach Páirtí dleachtanna custaim a laghdú nó a dhíothú de bhun mhír 1 d'Airteagal 10.4 i gcomhréir leis an sceideal um dhíothú taraifí a leagtar amach in:
 - (a) i gcás an Aontais Eorpaigh, Foscríbhinn 10-A-1; agus
 - (b) i gcás MERCOSUR, Foscríbhinn 10-A-2.

3. Déantar na forálacha a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1 a leagan amach go ginearálta i dtéarmaí Ainmníocht Chomhcheangailte 2013 ('AC 2013')¹, atá bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe. Beidh léirmhíniú fhorálacha Fhoscúbhinn 10-A-1, lena n-áirítear cumhdach táirgí na bhfo-cheannteideal den Sceideal sin, faoi rialú ag Nótaí Ginearálta, Nótaí Roinne, agus Nótaí Caibidle AC 2013. A mhéid atá forálacha Fhoscúbhinn 10-A-1 comhionann le forálacha comhfhreagracha Ainmníocht Chomhcheangailte 2013, beidh an chiall chéanna ag forálacha an Sceidil sin agus atá ag forálacha comhfhreagracha Ainmníocht Chomhcheangailte 2013. Gan dochar d'Airteagal 10.4(6), tuigfear gach tagairt do 'Féach barúlacha' sa cholún 'Bonnaráta' d'Fhoscúbhinn 10-A-1 mar thagairt do Cholún 3 de Chuid 2 ('Gnáthráta dleachta') de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 927/2012 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2012 lena leasaítear Iarscúbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.
4. Déantar na forálacha a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-2 a leagan amach go ginearálta i dtéarmaí Chomhainmníocht Mercosur 2012 ('NCM 2012')², atá bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí. Beidh léirmhíniú fhorálacha Fhoscúbhinn 10-A-2, lena n-áirítear cumhdach táirgí fho-cheannteidil an Sceidil sin, faoi rialú ag Nótaí Ginearálta, Nótaí Roinne agus Nótaí Caibidle NCM 2012. A mhéid atá forálacha Fhoscúbhinn 10-A-2 comhionann le forálacha comhfhreagracha Chomhainmníocht Mercosur 2012, beidh an chiall chéanna ag forálacha an Sceidil sin agus atá ag forálacha comhfhreagracha Chomhainmníocht Mercosur 2012.

¹ Leagtar amach AC 2013 i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 927/2012 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2012 lena leasaítear Iarscúbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

² Leagtha amach in RES GMC Uimh. 05/2011 an 17 Meitheamh 2011 agus modhnuithe.

5. Chun críocha na hIarscríbhíne seo, ciallaíonn ‘bliain 0’ an tréimhse ama dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar críoch an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna. Tosaíonn 'bliain a haon' an 1 Eanáir den bhliain tar éis na bliana féilire ina dtagann an Comhaontú i bhfeidhm agus tagann deireadh léi an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna, agus tiocfaidh gach laghdú ina dhiaidh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin.
6. I gcás earraí tionscnaimh ón bPáirtí eile, tá feidhm ag na catagóirí céimnithe seo a leanas maidir le díothú nó laghdú dleachtanna custaim ag gach Páirtí de bhun mhír 1 d’Airteagal 10.4:
- (a) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘0’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, déanfar iad a dhíothú láithreach, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
 - (b) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘4’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, déanfar iad a dhíothú ag 5 (cúig) gcéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i ‘mbliain a ceathair’;
 - (c) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘7’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, déanfar iad a dhíothú ag 8 (ocht) gcéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain a seacht;
 - (d) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘8’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, déanfar iad a dhíothú ag 9 (naoi) gcéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain a 8;

- (e) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘10’ i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, déanfar iad a dhíothú ag 11 (aon déag) chéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain a 10;
- (f) dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘SW/12’ i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, déanfar iad a dhíothú láithreach, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo má tá an luach custaim cothrom le 8 (ocht) USD SAB/lítear nó níos mó ná sin; má tá an luach custaim faoi bhun 8 (ocht) USD SAB/lítear, fanfaidh na hearraí sin ag an mbonnráta dleachta custaim a leagtar amach i Sceideal gach Páirtí ar feadh 12 bhliain (dhá bhliain déag) tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus ina dhiaidh sin déanfar iad a dhíothú ina n-iomláine agus beidh siad saor ó dhleacht an 1 Eanáir de bhliain 12;
- (g) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí sa chatagóir chéimnithe ‘1’ i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, déanfar iad a dhíothú ag 16 (sé déag) chéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain 15;

(h) fanfaidh dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘15V’ i bhFoscábhinn 10-A-2 (*) ag an mbonnráta go dtí deireadh bhliain 6, faoi réir mhíreanna 7 agus 8 d’Airteagal 10.4 den Chomhaontú seo; ón 1 Eanáir de bhliain 7 ar aghaidh, déanfar dleachtanna a dhíothú i gcéimeanna bliantúla i gcomhréir leis an tábla dar teideal Cronagram maidir le díothú taraifí, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht an 1 Eanáir de bhliain 15; ina theannta sin, beidh dleachtanna custaim ar earraí den sórt sin faoi réir laghdú 50 % (caoga faoin gcéad) den bhonnráta ar theacht i bhfeidhm dó agus go dtí deireadh bhliain 8 laistigh de chuóta bliantúil 50 000 (caoga míle) aonad; leithdháilfear an cuóta bliantúil ar thíortha MERCOSUR de réir an dáileacháin seo a leanas ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’:

(i) An Airgintín: 15 500 (cúig mhíle dhéag agus cúig chéad) aonad;

(ii) An Bhrasáil: 32 000 (tríocha dó mhíle) aonad;

(iii) Paragua: 750 (seacht gcéad agus caoga) aonad; agus

(iv) Uragua: 1 750 (míle seacht gcéad agus caoga) aonad.

(*) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 8701.91.00, 8701.92.00, 8701.93.00, 8701.94.90, 8701.95.90, 8703.21.00, 8703.22.10, 8703.23.10, 8703.24.10, 8703.24.90, 8703.33.10, 8703.33.90, 8704.21.90, agus 8704.31.90 (NCM 2022).

Cronagram maidir le díothú taraifí

Catagóir	Bliain 0	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10	Bliain 11	Bliain 12	Bliain 13	Bliain 14	Bliain 15
0	100 %															
4	20 %	40 %	60 %	80 %	100 %											
7	12,5 %	25 %	37,5 %	50 %	62,5 %	75 %	87,5 %	100 %								
8	11,1 %	22,2 %	33,3 %	44,4 %	55,6 %	66,7 %	77,8 %	88,9 %	100 %							
10	9,1 %	18,2 %	27,3 %	36,4 %	45,5 %	54,6 %	63,6 %	72,7 %	81,8 %	90,9 %	100 %					
15	6,3 %	12,5 %	18,8 %	25 %	31,3 %	37,5 %	43,8 %	50 %	56,3 %	62,5 %	68,8 %	75,0 %	81,3 %	87,5 %	93,8 %	100 %
15V	0 %	0 %	0 %	0 %	0 %	0 %	0 %	19 %	38,1 %	57,1 %	64,3 %	71,4 %	78,6 %	85,7 %	92,9 %	100 %

- (i) dleachtanna custaim ar fheithiclí leictreacha agus hibrídeacha tionscnaimh, a aicmítear faoi chóid CC 2022, 8703.40, 8703.50, 8703.60, 8703.70 agus 8703.80 cé is moite d’fheithiclí breosla-chille hidrigine – ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, comhfhreagraíonn na cóid sin do chóid NCM 2012, 8703 90 00, ex 8703 21, ex 8703 22, ex 8703 23, ex 8703 24, ex 8703 31, ex 8703 32 agus ex 8703 33 – beidh siad faoi réir na córa seo a leanas:

- (i) beidh siad faoi réir laghdú 28.6 % (fiche a hocht ponc a sé faoin gcéad) den bhonnaráta ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus go dtí deireadh bhliain 5 (cúig), agus ar an gcaoi sin socrófar iad ag 25 % (fiche a cúig faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach san Airgintín nó sa Bhrasaíl, ag 16.4 % (sé déag ponc a ceathair faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach in Uragua, agus ag 14.3 % (ceithre déag ponc a trí faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach i bParagua;

- (ii) ón 1 Eanáir (an t-aonú lá) de bhliain 6 (sé), déanfar na dleachtanna a bheidh fágtha a dhíothú i gcomhréir leis an tábla thíos agus beidh na feithiclí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir (an t-aonú lá) de bhliain 18 (ocht déag).

Bliain	An Airgintín, An Bhrasaíl	Paragua	Uragua	Laghdú
0	25,0	14,3	16,4	28,6 %
1	25,0	14,3	16,4	28,6 %
2	25,0	14,3	16,4	28,6 %
3	25,0	14,3	16,4	28,6 %
4	25,0	14,3	16,4	28,6 %
5	25,0	14,3	16,4	28,6 %
6	20,0	11,4	13,1	42,9 %
7	20,0	11,4	13,1	42,9 %
8	20,0	11,4	13,1	42,9 %
9	15,0	8,6	9,9	57,1 %
10	15,0	8,6	9,9	57,1 %
11	15,0	8,6	9,9	57,1 %
12	10,0	5,7	6,6	71,4 %
13	10,0	5,7	6,6	71,4 %
14	10,0	5,7	6,6	71,4 %
15	5,0	2,9	3,3	85,7 %
16	5,0	2,9	3,3	85,7 %
17	5,0	2,9	3,3	85,7 %
18	—	—	—	100,0 %

- (j) Dleachtanna custaim ar fheithiclí breosla-chille hidrigine tionscnaimh, a aicmítear faoi fhothacar de chód CC 2022 8703.80 a chomhfhreagraíonn d'fheithiclí nuair a chumhachtaítear iad le breosla-chill hidrigine, beidh siad faoi réir na córa seo a leanas:

Dleachtanna custaim ar fheithiclí breosla-chille hidrigine tionscnaimh, a aicmítear faoi ex 8703.80:

- (i) fanfaidh siad ag an mbonnráta go dtí deireadh bhliain 6 (sé);
- (ii) ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 7 (seacht) agus go dtí deireadh bhliain 12 (dó dhéag), beidh siad faoi réir laghdú 28.6 % (fiche a hocht ponc a sé faoin gcéad) ar an mbonnráta, agus ar an gcaoi sin socrófar iad ag 25 % (fiche a cúig faoin gcéad) i gcás earraí a allmharaítear isteach san Airgintín nó sa Bhrasaíl, ag 16.4 % (sé déag ponc a ceathair faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach in Uragua, agus ag 14.3 % (ceithre déag ponc a trí faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach i bParagua;

- (iii) ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 13 (trí déag), déanfar na dleachtanna a bheidh fágtha a dhíothú i gcomhréir leis an tábla thíos agus beidh na feithiclí sin saor ó dhleacht ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 25 (cúig is fiche).

Bliain	An Airgintín, An Bhrasaíl	Paragua	Uragua	Laghdú
0 – 6	35	20	23	–
7 – 12	25,0	14,3	16,4	28,6 %
13	20,0	11,4	13,1	42,9 %
14	20,0	11,4	13,1	42,9 %
15	20,0	11,4	13,1	42,9 %
16	15,0	8,6	9,9	57,1 %
17	15,0	8,6	9,9	57,1 %
18	15,0	8,6	9,9	57,1 %
19	10,0	5,7	6,6	71,4 %
20	10,0	5,7	6,6	71,4 %
21	10,0	5,7	6,6	71,4 %
22	5,0	2,9	3,3	85,7 %
23	5,0	2,9	3,3	85,7 %
24	5,0	2,9	3,3	85,7 %
25	–	–	–	100,0 %

- (k) Dleachtanna custaim ar fheithiclí tionscnaimh a aicmítear faoi fho-cheannteideal chód CC 2022 8703.90:

- (i) fanfaidh siad ag an mbonnráta go dtí deireadh bhliain 6 (sé);

- (ii) ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 7 (seacht) agus go dtí deireadh bhliain 17 (seacht déag), beidh siad faoi réir laghdú 28.6 % (fiche a hocht ponc a sé faoin gcéad) ar an mbonnráta, agus ar an gcaoi sin socrófar iad ag 25 % (fiche a cúig faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach san Airgintín nó sa Bhrasaíl, ag 16.4 % (sé déag ponc a ceathair faoin gcéad) i gcás earraí arna n-allmhairiú isteach in Uragua, agus ag 14.3 % (ceithre déag ponc a trí faoin gcéad) i gcás earraí a allmhairítear isteach i bParagua;
- (iii) ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 18 (ocht déag), déanfar na dleachtanna a bheidh fágtha a dhíothú i gcomhréir leis an tábla thíos, agus beidh na feithiclí sin saor ó dhleacht ón 1 (an t-aonú lá) Eanáir de bhliain 30 (tríocha).

Bliain	An Airgintín, An Bhrasaíl	Paragua	Uragua	Laghdú
0 – 6	35,0	20,0	23,0	—
7 – 17	25,0	14,3	16,4	28,6 %
18	20,0	11,4	13,1	42,9 %
19	20,0	11,4	13,1	42,9 %
20	20,0	11,4	13,1	42,9 %
21	15,0	8,6	9,9	57,1 %
22	15,0	8,6	9,9	57,1 %
23	15,0	8,6	9,9	57,1 %
24	10,0	5,7	6,6	71,4 %
25	10,0	5,7	6,6	71,4 %
26	10,0	5,7	6,6	71,4 %
27	5,0	2,9	3,3	85,7 %
28	5,0	2,9	3,3	85,7 %
29	5,0	2,9	3,3	85,7 %
30	—	—	—	100,0 %

- (l) beidh dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘CH1’ a leagtar amach i bhFoscúibhinn 10-A-2 faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta seo a leanas sna cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach thíos, gan aon leithdháileadh tíre le haghaidh na gcuótaí faoi fho-cheannteideal 1806.20 agus 1806.90 de NCM 2012, agus déanfar iad a riar ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’:

Fo-cheannteideal 1806.20			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	16,2 %	1 710	18 %
Bliain 1	14,4 %	2 091	18 %
Bliain 2	12,6 %	2 472	18 %
Bliain 3	10,8 %	2 853	18 %
Bliain 4	9,0 %	3 234	18 %
Bliain 5	7,2 %	3 615	18 %
Bliain 6	5,4 %	3 996	18 %
Bliain 7	3,6 %	4 377	18 %
Bliain 8	1,8 %	4 760	18 %
Bliain 9 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

Fo-cheannteideal 1806.90			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta*
Bliain 0	18,0 %	6 320	20 %
Bliain 1	16,0 %	7 735	20 %
Bliain 2	14,0 %	9 150	20 %
Bliain 3	12,0 %	10 565	20 %
Bliain 4	10,0 %	11 980	20 %
Bliain 5	8,0 %	13 395	20 %
Bliain 6	6,0 %	14 810	20 %
Bliain 7	4,0 %	16 225	20 %
Bliain 8	2,0 %	17 640	20 %
Bliain 9 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

* 2 % a bheidh i gceist le dleacht lasmuigh den chuóta Pharagua, mar a leagtar amach i bhFoscúibhinn 10-A-2, go dtí deireadh bhliain 8.

- (m) beidh dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘CH2’ a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-2 faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta seo a leanas sna cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach thíos, gan aon leithdháileadh tíre le haghaidh na gcuótaí NCM 1704.90.10 agus fo-cheannteidil 1806.10, 1806.31 agus 1806.32, agus déanfar iad a riar ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’:

NCM 1704.90.10			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	18,7 %	771	20 %
Bliain 1	17,3 %	868	20 %
Bliain 2	16,0 %	965	20 %
Bliain 3	14,7 %	1 062	20 %
Bliain 4	13,3 %	1 159	20 %
Bliain 5	12,0 %	1 256	20 %
Bliain 6	10,7 %	1 353	20 %
Bliain 7	9,3 %	1 450	20 %
Bliain 8	8,0 %	1 547	20 %
Bliain 9	6,7 %	1 644	20 %
Bliain 10	5,3 %	1 741	20 %
Bliain 11	4,0 %	1 838	20 %
Bliain 12	2,7 %	1 935	20 %
Bliain 13	1,3 %	2 030	20 %
Bliain 14 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

Fo-cheannteideal 1806.10			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	16,8 %	90	18 %
Bliain 1	15,6 %	94	18 %
Bliain 2	14,4 %	98	18 %
Bliain 3	13,2 %	102	18 %
Bliain 4	12,0 %	106	18 %
Bliain 5	10,8 %	110	18 %
Bliain 6	9,6 %	114	18 %
Bliain 7	8,4 %	118	18 %
Bliain 8	7,2 %	122	18 %
Bliain 9	6,0 %	126	18 %
Bliain 10	4,8 %	130	18 %
Bliain 11	3,6 %	134	18 %
Bliain 12	2,4 %	138	18 %
Bliain 13	1,2 %	150	18 %
Bliain 14 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

Fo-cheannteideal 1806.31			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	18,7 %	1 890	20 %
Bliain 1	17,3 %	2 082	20 %
Bliain 2	16,0 %	2 274	20 %
Bliain 3	14,7 %	2 466	20 %
Bliain 4	13,3 %	2 658	20 %
Bliain 5	12,0 %	2 850	20 %
Bliain 6	10,7 %	3 042	20 %
Bliain 7	9,3 %	3 234	20 %
Bliain 8	8,0 %	3 426	20 %
Bliain 9	6,7 %	3 618	20 %
Bliain 10	5,3 %	3 810	20 %
Bliain 11	4,0 %	4 002	20 %
Bliain 12	2,7 %	4 194	20 %
Bliain 13	1,3 %	4 380	20 %
Bliain 14 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

Fo-cheannteideal 1806.32			
Blianta	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	18,7 %	1 800	20 %
Bliain 1	17,3 %	2 062	20 %
Bliain 2	16,0 %	2 324	20 %
Bliain 3	14,7 %	2 586	20 %
Bliain 4	13,3 %	2 848	20 %
Bliain 5	12,0 %	3 110	20 %
Bliain 6	10,7 %	3 372	20 %
Bliain 7	9,3 %	3 634	20 %
Bliain 8	8,0 %	3 896	20 %
Bliain 9	6,7 %	4 158	20 %
Bliain 10	5,3 %	4 420	20 %
Bliain 11	4,0 %	4 682	20 %
Bliain 12	2,7 %	4 944	20 %
Bliain 13	1,3%	5 200	20 %
Bliain 14 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

- (n) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘T1’ a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-2, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta seo a leanas sna cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach thíos:

Blianta	Fo-cheannteideal 2002.10		
	An dleacht laistigh den chuóta	Cuóta (tonaí méadracha)	An dleacht lasmuigh den chuóta
Bliain 0	12,6 %	7 500	14 %
Bliain 1	11,2 %	7 500	14 %
Bliain 2	9,8 %	7 500	14 %
Bliain 3	8,4 %	7 500	14 %
Bliain 4	7,0 %	7 500	14 %
Bliain 5	5,6 %	7 500	14 %
Bliain 6	4,2 %	7 500	14 %
Bliain 7	2,8 %	7 500	14 %
Bliain 8	1,4 %	7 500	14 %
Bliain 9 agus blianta ina dhiaidh sin	0 %	gan chuóta	0 %

- (o) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘4-EG’ i bhFoscúbhinn 10-A-1, déanfar iad a dhíothú ag 5 (cúig) chéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 (an t-aonú) Eanáir i mbliain 4 (ceathair). Earraí tionscnaimh a aicmítear faoi línte taraife 04072100 agus 04079010 agus a thairbhíonn den sceideal um dhíothú taraifí i gcatagóir chéimnithe ‘4-EG’, beidh deimhniú comhlíontachta le Treoir Uimh. 1999/74/CE ón gComhairle ag gabháil leo, nó le haon chaighdeán oifigiúil coibhéiseach maidir le leas ainmhithe. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl ceanglais maidir le gach córas táirgthe uibheacha de chuid MERCOSUR i gceist leis an mír seo. Déanfar coibhéis na gcoinníollacha arna mbunú leis an Treoir ón gComhairle a fhíorú trí dheimhniúchán oifigiúil nó trí dheimhniúchán tríú páirtí;

- (p) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘FP30 %’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, laghdófar iad faoi 30 % (tríocha faoin gcéad) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (q) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘FP50 %’ i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, laghdófar iad faoi 50 % (caoga faoin gcéad) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (r) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘50 %’ i bhFoscábhinn 10-A-1, laghdófar iad faoi 50 % (caoga faoin gcéad) ag 5 (cúig) chéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh 50 % (caoga faoin gcéad) den bhonnráta i gceist leis na hearraí sin ón 1 Eanáir i mbliain 4;
- (s) Comhpháirt *ad valorem* na ndleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘0/EP’ i bhFoscábhinn 10-A-1, déanfar í a dhíothú ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; ní bheidh feidhm ag an díothú taraifí ach amháin maidir leis an dleacht *ad valorem*; an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh a thagann chun cinn i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála, coinneofar an dleacht shonrach sin;
- (t) Déanfar an chomhpháirt *ad valorem* de na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘7/EP’ i bhFoscábhinn 10-A-1 a dhíothú ag 8 (ocht) gcéim bhliantúla chomhionanna ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; ní bheidh feidhm ag an díothú taraifí ach amháin maidir leis an dleacht *ad valorem*; an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh a thagann chun cinn i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála, coinneofar an dleacht shonrach sin;

- (u) Déanfar an chomhpháirt *ad valorem* de na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘10/EP’ i bhFoscóirbhinn 10-A-1 a dhíothú ag 11 (aon déag) chéim bhliantúla chomhionanna ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; ní bheidh feidhm ag an díothú taraifí ach amháin maidir leis an dleacht *ad valorem*; an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh a thagann chun cinn i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála, coinneofar an dleacht shonrach sin;
- (v) Maidir leis na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘E’ i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, eisiatar iad ó fhabhair tharaife agus fanfaidh siad ag an mbonnráta dleachta custaim a leagtar amach i Sceideal an Pháirtí sin;
- (w) Is é 75 (seachtó a cúig) EUR/tonna méadrach an dleacht chustaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear san ítim sa chatagóir céimnithe ‘BA’ i bhFoscóirbhinn 10-A-1, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (x) Comhpháirt *ad valorem* na ndleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘ $0 + 10 \text{ EA} / \text{OS} \geq 70 \%$ ’ i bhFoscóirbhinn 10-A-1, déanfar í a dhíothú ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; déanfar an chomhpháirt shonrach dleachta (comhpháirt talmhaíochta) le haghaidh táirgí ina bhfuil níos lú ná 70 % (seachtó faoin gcéad) siúcra a dhíothú in 11 (aon chéim déag) chéim bhliantúla chomhionanna ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht an 1 Eanáir i mbliain 10; tá feidhm ag taraif-chuóta (dá ngairtear ‘TRQ’ anseo feasta) OS maidir le táirgí ina bhfuil cion siúcra atá cothrom le 70 % (seachtó faoin gcéad) nó níos mó de ghlanmheáchan; agus

(y) Na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe ‘10 / OS $\geq$ 70 %’ i bhFoscábhinn 10-A-1 ina bhfuil níos lú ná 70 % (seachtó faoin gcéad) de shiúcra, déanfar iad a dhíothú ag 11 (aon déag) chéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain a 10; Tá feidhm ag taraif-chuóta OS maidir le táirgí ina bhfuil cion siúcra atá cothrom le 70 % (seachtó faoin gcéad) nó níos mó de ghlanmheáchan.

7. Chun críocha dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le mír 4 den Iarscríbhinn seo, déanfar dleachtrátaí céimnithe eatramhacha a shlánú síos ar a laghad go dtí an 10^ú (deichiú) is gaire de phointe céatadáin nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear an ráta dleachta, ar a laghad go dtí an 0,01 (a náid ponc a náid a haon) is gaire d’aonad oifigiúil airgeadaíochta an Pháirtí.
8. Maidir le dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a aicmítear faoi na línte taraife atá marcáilte mar TRQ (TRQ-XY) sa cholún ‘Catagóir Chéimnithe’ i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, rialófar iad le téarmaí an TRQ don ítim taraife shonrach sin, mar a leagtar amach i Roinn B agus C den Iarscríbhinn seo, dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Leagtar amach i Roinn B den Iarscríbhinn seo an TRQ a chuirfidh an tAontas Eorpach i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hearraí tionscnaimh áirithe de chuid MERCOSUR. Leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo an TRQ a chuirfidh MERCOSUR i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hearraí tionscnaimh áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh.
9. Chun críocha na gcuótaí a leagtar amach i Roinn B agus C den Iarscríbhinn seo agus i míreanna 6 (h), (l), (m) agus (n) den Roinn seo, má chomhfhreagraíonn teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo do dháta tar éis an 1 Eanáir agus roimh an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna, déanfar an chainníocht laistigh den chuóta a roinnt go comhréireach ar bhonn *pro rata* don chuid eile den bhliain féilire sin. Ina dhiaidh sin, cuirfidh Páirtí cainníocht an chuóta bhliantúil iomláin arna bunú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo ar fáil d’iarratasóirí cuóta ón gcéad lá de gach bliain TRQ.

10. Chun críocha Ranna B agus C na hIarscríbhinne seo, déantar an téarma ‘tonaí méadracha’ a ghiorrú mar ‘MT’.
11. An táirge nó na táirgí a chumhdaítear le gach TRQ a leagtar amach i Roinn B den Iarscríbhinn seo, déantar iad a shainaithint go neamhfhoirmiúil i dteideal na míre lena leagtar amach an TRQ. Ní áirítear na teidil sin ach amháin chun cuidiú le léitheoirí an Iarscríbhinn seo a thuiscint agus ní dhéanfaidh siad athrú ná ionadú ar an gcumhdach a bhunaítear trí shainaithint na hítimí taraife faoi chumhdach in Ainmníocht Taraife agus Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus sa Chomhtharaif Chustaim.
12. An táirge nó na táirgí a chumhdaítear le gach TRQ a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo, déantar iad a shainaithint go neamhfhoirmiúil i dteideal na míre lena leagtar amach an TRQ. Ní áirítear na teidil sin ach amháin chun cuidiú le léitheoirí an Iarscríbhinn seo a thuiscint agus ní athróidh siad an cumhdach a bhunaítear trí shainaithint na n-ítimí taraife faoi chumhdach in NCM 2012, ná ní rachaidh siad in ionad an chumhdaigh sin.

ROINN B

TARAIF-CHUÓTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

1. Taraif-chuóta do mhairteoil úr

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-BF1’ i bhFoscríbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d), beidh siad faoi réir ráta taraife laistigh den chuóta de 7,5 % sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT — coibhéis mheáchan an chonablaigh)
0	9 075
1	18 150
2	27 225
3	36 300
4	45 375
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	54 450

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E den Iarscríbhinn seo chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0201 10 00, 0201 20 20, 0201 20 30, 0201 20 50, 0201 20 90, 0201 30 00 agus 0206 10 95.

2. Feoil úr, fhuaraithe agus reoite ar ardcháilíocht ó bhó-ainmhithe

Maidir le hearraí tionscnaimh a onnmhairítear ón Airgintín, ón mBrasaíl, ó Pharagua agus ó Uragua, agus a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach faoi na 4 (ceithre) tharaif-chuótaí EDT de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana maidir le feoil úr, fhuaraithe agus reoite ar ardcháilíocht ó bhó-ainmhithe a chumhdaítear le ceannteidil taraife AC ex 0201 agus ex 0202, agus maidir le táirgí a chumhdaítear le línte taraife AC ex 0206 10 95 agus ex 0206 29 91, mar a leagtar amach in Airteagal 42 agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019¹ a bhfuil na sraithuimhreacha cuóta 09.4450, 09.4452, 09.4453 agus 09.4455 acu, beidh siad saor ó dhleacht ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

3. Taraif-chuóta do mhairteoil reoite, lena n-áirítear do phróiseáil

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-BF2’ i bhFoscscríbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad faoi réir ráta taraife laistigh den chuóta de 7.5 % (seacht ponc a cúig faoin gcéad) sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT — coibhéis mheáchan an chonablaigh)
0	7 425
1	14 850
2	22 275
3	29 700
4	37 125
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	44 550

¹ IO AE L 170, 22.6.2013, lch. 32.

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0202 10 00, 0202 20 10, 0202 20 30, 0202 20 50, 0202 20 90, 0202 30 10, 0202 30 50, 0202 30 90, 0206 29 91, 0210 20 10, 0210 20 90, 0210 99 51, 0210 99 90, 1602 50 10 agus 1602 90 61.

4. Taraif-chuóta do mhúiceoil úr agus fuaraithe, reoite agus ullmhaithe

- (a) Earraí tionscnaimh a onnmhairítear ón Airgintín, ón mBrasaíl, ó Pharagua agus ó Uragua atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-PK’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (e) den mhír seo, beidh siad faoi réir ráta taraife laistigh den chuóta de EUR 83 in aghaidh an tona mhéadraigh sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT — coibhéis mheáchan an chonablaigh)
0	4 167
1	8 333
2	12 500
3	16 667
4	20 833
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	25 000

- (b) I dteannta an chuóta a leagtar amach i bpointe (a), earraí tionscnaimh ó Pharagua atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-PK’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (e) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sa chainníocht bhliantúil de 1500 tona méadrach.
- (c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (d) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfean na fachtóirí tionaithe a leagtar amach i Roinn E chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh.
- (e) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0203 11 10, 0203 12 11, 0203 12 19, 0203 19 11, 0203 19 13, 0203 19 15, 0203 19 55, 0203 19 59, 0203 21 10, 0203 22 11, 0203 22 19, 0203 29 11, 0203 29 13, 0203 29 15, 0203 29 55, 0203 29 59, 0210 11 11, 0210 11 19, 0210 11 31, 0210 11 39, 0210 12 11, 0210 12 19, 0210 19 10, 0210 19 20, 0210 19 30, 0210 19 40, 0210 19 50, 0210 19 60, 0210 19 70, 0210 19 81, 0210 19 89, 0210 99 41, 0210 99 49, 1602 41 10, 1602 42 10, 1602 49 11, 1602 49 13, 1602 49 15, 1602 49 19, 1602 49 30, 1602 49 50 agus 1602 90 51.

5. Taraif-chuóta d'éineoil gan chnámha, lena n-áirítear ullmhóidí d'éanlaith chlóis

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-PY 1' i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT – coibhéis mheáchan an chonablaigh)
0	15 000
1	30 000
2	45 000
3	60 000
4	75 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	90 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0207 13 10, 0207 13 99, 0207 14 10, 0207 14 99, 0207 26 10, 0207 26 99, 0207 27 10, 0207 27 99, 0207 44 10, 0207 45 10, 0207 54 10, 0207 55 10, 0207 60 10, 0210 92 91, 0210 99 39, 1602 31 11, 1602 31 19, 1602 31 80, 1602 32 11, 1602 32 19, 1602 32 30, 1602 32 90, 1602 39 21, 1602 39 29 agus 1602 39 85.

6. Taraif-chuóta d'éineoil ar an gcánmh

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-PY 2' i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT — coibhéis mheáchan an chonablaigh)
0	15 000
1	30 000
2	45 000
3	60 000
4	75 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	90 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh.

- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0207 11 10, 0207 11 30, 0207 11 90, 0207 12 10, 0207 12 90, 0207 13 20, 0207 13 30, 0207 13 40, 0207 13 50, 0207 13 60, 0207 13 70, 0207 14 20, 0207 14 30, 0207 14 40, 0207 14 50, 0207 14 60, 0207 14 70, 0207 24 10, 0207 24 90, 0207 25 10, 0207 25 90, 0207 26 20, 0207 26 30, 0207 26 40, 0207 26 50, 0207 26 60, 0207 26 70, 0207 26 80, 0207 27 20, 0207 27 30, 0207 27 40, 0207 27 50, 0207 27 60, 0207 27 70, 0207 27 80, 0207 41 20, 0207 41 30, 0207 41 80, 0207 42 30, 0207 42 80, 0207 44 21, 0207 44 31, 0207 44 41, 0207 44 51, 0207 44 61, 0207 44 71, 0207 44 81, 0207 44 99, 0207 45 21, 0207 45 31, 0207 45 41, 0207 45 51, 0207 45 61, 0207 45 71, 0207 45 81, 0207 45 99, 0207 51 10, 0207 51 90, 0207 52 10, 0207 52 90, 0207 54 21, 0207 54 31, 0207 54 41, 0207 54 51, 0207 54 61, 0207 54 71, 0207 54 81, 0207 54 99, 0207 55 21, 0207 55 31, 0207 55 41, 0207 55 51, 0207 55 61, 0207 55 71, 0207 55 81, 0207 55 99, 0207 60 05, 0207 60 21, 0207 60 31, 0207 60 41, 0207 60 51, 0207 60 61, 0207 60 81, 0207 60 99 agus 0209 90 00.

7. Taraif-chuóta do phúdair bhainne

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-MP’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	1 000	10 %
1	2 000	20 %
2	3 000	30 %
3	4 000	40 %
4	5 000	50 %
5	6 000	60 %
6	7 000	70 %
7	8 000	80 %
8	9 000	90 %
9	9 500	95 %
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	10 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar an gcainníocht chomhiomlán a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0402 10 11, 0402 10 19, 0402 10 91, 0402 10 99, 0402 21 11, 0402 21 18, 0402 21 91, 0402 21 99, 0402 29 11, 0402 29 15, 0402 29 19, 0402 29 91 agus 0402 29 99.

8. Taraif-chuóta do cháis

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-CE’ i bhFoscúibhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	3 000	10 %
1	6 000	20 %
2	9 000	30 %
3	12 000	40 %
4	15 000	50 %
5	18 000	60 %
6	21 000	70 %
7	24 000	80 %
8	27 000	90 %
9	28 500	95%
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	30 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar an gcainníocht chomhiomlán a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúibhinn 10-A-1.

- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: ex 0406 10 20 cáis úr ina bhfuil cion saille nach mó ná 40 % seachas mozzarella, 0406 10 80, 0406 20 10, 0406 20 90, 0406 30 10, 0406 30 31, 0406 30 39, 0406 30 90, 0406 40 10, 0406 40 50, 0406 40 90, 0406 90 01, 0406 90 13, 0406 90 15, 0406 90 17, 0406 90 18, 0406 90 19, 0406 90 21, 0406 90 23, 0406 90 25, 0406 90 27, 0406 90 29, 0406 90 32, 0406 90 35, 0406 90 37, 0406 90 39, 0406 90 50, 0406 90 61, 0406 90 63, 0406 90 69, 0406 90 73, 0406 90 75, 0406 90 76, 0406 90 78, 0406 90 79, 0406 90 81, 0406 90 82, 0406 90 84, 0406 90 85, 0406 90 86, 0406 90 87, 0406 90 88, 0406 90 93 agus 0406 90 99.

9. Taraif-chuóta do bhainne foirmle do naíonáin

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-IF’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	500	10 %
1	1 000	20 %
2	1 500	30 %
3	2 000	40 %
4	2 500	50 %
5	3 000	60 %
6	3 500	70 %
7	4 000	80 %
8	4 500	90 %
9	4 750	95 %
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	5 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar an gcainníocht chomhiomlán a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear san ítim taraife seo a leanas: 1901 10 00.

10. Taraif-chuóta d'arbhar Indiach agus sorgum

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-ME' i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT
0	166 667
1	333 333
2	500 000
3	666 667
4	833 333
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	1 000 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar an gcainníocht chomhiomlán a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1005 10 90, 1005 90 00, 1007 10 90 agus 1007 90 00.

11. Taraif-chuóta do rís

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-RE’ i bhFoscríbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT
0	10 000
1	20 000
2	30 000
3	40 000
4	50 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	60 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar an gcainníocht chomhiomlán a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1006 10 21, 1006 10 23, 1006 10 25, 1006 10 27, 1006 10 92, 1006 10 94, 1006 10 96, 1006 10 98, 1006 20 11, 1006 20 13, 1006 20 15, 1006 20 17, 1006 20 92, 1006 20 94, 1006 20 96, 1006 20 98, 1006 30 21, 1006 30 23, 1006 30 25, 1006 30 27, 1006 30 42, 1006 30 44, 1006 30 46, 1006 30 48, 1006 30 61, 1006 30 63, 1006 30 65, 1006 30 67, 1006 30 92, 1006 30 94, 1006 30 96 agus 1006 30 98.

12. Taraif-chuótaí do shiúcra lena scagadh

- (a) Maidir le hearraí tionscnaimh ón mBrasaíl atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SR’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach faoi tharaif-chuóta EDT an Aontais Eorpaigh atá ann cheana maidir le siúcra lena scagadh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019¹ ag a bhfuil an tsraithuimhir 09.4318, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 180 000 tona méadrach. Beidh feidhm ag an ngealltanas sin gan beann ar aon mhodhnú nó aistarraingt lamháltas ag an Aontas Eorpach a dhéanann difear don taraif-chuóta sin san EDT.
- (b) Maidir le hearraí tionscnaimh ón mBrasaíl atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SR’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach faoi tharaif-chuóta EDT an Aontais Eorpaigh atá ann cheana maidir le siúcra lena scagadh mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 891/2009 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2009 faoin tsraithuimhir 09.4318 de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo, beidh siad faoi réir an ráta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 891/2009 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2009, is é sin 98 (nócha a hocht) EUR/tona méadrach.
- (c) Maidir le hearraí tionscnaimh ón mBrasaíl atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SR’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 a liostaítear i bpointe (g) den mhír seo agus a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach faoi chóras seachas taraif-chuóta EDT an Aontais Eorpaigh atá ann cheana maidir le siúcra lena scagadh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 891/2009 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2009, beidh siad faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.

¹ IO CE L 320, 5.12.2009, lch. 6.

- (d) Earraí tionscnaimh ó Pharagua atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SR’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (g) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 10 000 tona méadrach.
- (e) Beidh earraí tionscnaimh ó Pharagua a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (d) faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (f) Earraí tionscnaimh ón Airgintín agus ó Uragua atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SR’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (g) den mhír seo, beidh siad faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (g) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1701 13 10 agus 1701 14 10.

13. Taraif-chuóta do shiúcraí eile

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-OS’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir fabhar taraife 50 % ar an mbonnaráta sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 2 000 tona méadrach.
- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.

- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1702 30 10, 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 10, 1702 40 90, 1702 50 00, 1702 60 10, 1702 60 95, 1702 90 30, 1702 90 50, 1702 90 71, 1702 90 75, 1702 90 79, 1702 90 95, 1806 10 30 agus 1806 10 90.

14. Taraif-chuóta d'uibheacha

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-EG1' i bhFoscábhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna blianta agus sna cainníochtaí comhiomlána a shonraítear thíos.

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT – coibhéis na huibhe)
0	500
1	1 000
2	1 500
3	2 000
4	2 500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	3 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscábhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E den Iarscríbhinn seo chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0408 11 80, 0408 19 81, 0408 19 89, 0408 91 80 agus 0408 99 80.

15. Taraif-chuóta d’ubh-albaiminí

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-EG2’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna blianta agus sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT – coibhéis na huibhe)
0	500
1	1 000
2	1 500
3	2 000
4	2 500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	3 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe a leagtar amach i Roinn E den Iarscúbhinn seo chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 3502 11 90 agus 3502 19 90.

16. Taraif-chuóta do mhill

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-HY’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT)
0	7 500
1	15 000
2	22 500
3	30 000
4	37 500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	45 000

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear san ítim taraife seo a leanas: 0409 00 00.

17. Taraif-chuóta do rum agus biotáillí eile a fhaightear trí tháirgí cána siúcra coipthe a dhriogadh

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-RM’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT — coibhéis an alcóil íon)
0	400
1	800
2	1 200
3	1 600
4	2 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	2 400

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2208 40 51 agus 2208 40 99.

18. Taraif-chuóta do ghrán milis

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SC’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána de 1 000 tona méadrach.

(b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2001 90 30, 2004 90 10 agus 2005 80 00.

19. Taraif-chuóta do stáirse arbhair Indiaigh agus stáirse casabhaigh

(a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SH1’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir ráta taraife laistigh den chuóta de 50 % ar an mbonnaráta sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána de 1 500 tona méadrach.

(b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1108 12 00 agus 1108 14 00.

20. Taraif-chuóta do dhíorthaigh stáirse

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-SH2’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT)
0	100
1	200
2	300
3	400
4	500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	600

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2905 43 00, 2905 44 11, 2905 44 19, 2905 44 91, 2905 44 99, 3505 10 10, 3505 10 90, 3824 60 11, 3824 60 19, 3824 60 91 agus 3824 60 99.

21. Taraif-chuóta d’eatánól

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-EL’ i bhFoscábhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d), beidh siad faoi réir an ráta taraife laistigh den chuóta i bpointe (b) den mhír seo sna blianta ina dhiaidh sin agus faoi réir cainníochtaí comhiomlána, cé is moite de chuid den chainníocht chomhiomlán iomlán i ngach bliain atá saor ó dhleacht agus a fhorchoimeádtar le haghaidh úsáid shonrach do thionscal na gceimiceán¹:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT) Gach úsáid	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT) Úsáid shonrach: do thionscal na gceimiceán	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (MT)
0	33 333	75 000	108 333
1	66 667	150 000	216 667
2	100 000	225 000	325 000
3	133 333	300 000	433 333
4	166 667	375 000	541 667
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	200 000	450 000	650 000

¹ Féadfaidh an tAontas foráil a dhéanamh go mbeidh allmhairí eatánóil faoin gcuid sin den chuóta a fhorchoimeádtar lena n-úsáid ag tionscal na gceimiceán faoi réir Nós Imeachta Úsáide Deiridh, d’fhonn an rialú custaim a dhéanamh i ndáil le húsáid na n-earraí sin. Is é an cuspóir atá ann a áirithiú go n-úsáidfear na hallmhairí sin chun táirgí a mhonarú a aicmítear faoi Chaibidlí 28 go 40 d’Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) an Aontais. Ní bheidh na rialuithe custaim a chuirtear i bhfeidhm chun imchéimniú allmhairí isteach sa mhargadh breosla nó dí a chosc ina n-ualach thar na bearta sin is gá chun allmhairí a rialú faoin TRQ seo. Beidh na bearta sin comhréireach leis an riosca imchéimniúcháin agus leis an bpráinn a bhaineann leo agus déanfar iad i gcomhréir le hAirteagail 12.12 agus 12.16, *inter alia* agus taifead an allmhaireora á mheas de réir mar is iomchuí.

- (b) Maidir leis an gcuóta le haghaidh gach úsáide is é 6,4 (sé ponc a ceathair) EUR/hl an dleacht laistigh den chuóta don alcól eitile gan dínádúrú a allmhairítear faoi fho-cheannteideal 2207.10 agus d'itimí taraife 2208.90.91 agus 2208.90.99, agus EUR/hl 3,4 (trí ponc a ceathair) a bheidh sa dleacht laistigh den chuóta don alcól eitile dínádúraithe a allmhairítear faoi fho-cheannteideal 2207.20. Maidir leis an gcuóta le haghaidh úsáid shonrach do thionscal na gceimiceán, 0 (náid) a bheidh sa dleacht laistigh den chuóta.
- (c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnaráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2207 10 00, 2207 20 00, 2208 90 91 agus 2208 90 99.

22. Taraif-chuóta do ghairleog

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-GC' i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnaráta)
0	1 875	30 %
1	3 750	40 %
2	5 625	50 %
3	7 500	60 %
4	9 375	70 %
5	11 250	80 %
6	13 125	90 %
7 agus gach bliain ina dhiaidh sin	15 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-1.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear san ítim taraife seo a leanas: 0703 20 00.

23. Taraif-chuóta do bhithdhíosail

- (a) Earraí tionscnaimh ó Pharagua atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-BD’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus a liostaítear i bpointe (d) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 50 000 tona méadrach.
- (b) Beidh earraí tionscnaimh ó Pharagua a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir na dleachta custaim a leagtar amach i mír (c) den mhír seo.
- (c) Na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-BD’ i bhFoscúbhinn 10-A-1 agus atá liostaithe i bpointe (d) den mhír seo, déanfar iad a dhíothú ag 11 gcéim bhliantúla chomhionanna, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir i mbliain a 10.
- (d) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 3826 00 10 agus 3826 00 90.

ROINN C

TARAIF-CHUÓTAÍ MERCOSUR

1. Taraif-chuóta do phúdar bainne bhearrtha, púdar bainne agus púdar bainne iomláin

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-1’ i bhFoscúbhinn 10-A-2 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	1 000	10 %
1	2 000	20 %
2	3 000	30 %
3	4 000	40 %
4	5 000	50 %
5	6 000	60 %
6	7 000	70 %
7	8 000	80 %
8	9 000	90 %
9	9 500	95 %
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	10 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 10-A-2.

- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 04021010, 04021090, 04022110, 04022120, 04022130, 04022910, 04022920 agus 04022930.

2. Taraif-chuóta do cháis

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-2’ i bhFoscúibhinn 10-A-2 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	3 000	10 %
1	6 000	20 %
2	9 000	30 %
3	12 000	40 %
4	15 000	50 %
5	18 000	60 %
6	21 000	70 %
7	24 000	80 %
8	27 000	90 %
9	28 500	95 %
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	30 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúibhinn 10-A-2.

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 040610 (seachas 0406 10 10), 040620, 040630, 040640 agus 040690.

(d) Déanfar an cuóta a riar ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’.

3. Taraif-chuóta do bhainne foirmle do naíonáin

(a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-3’ i bhFoscábhinn 10-A-2 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	500	10 %
1	1 000	20 %
2	1 500	30 %
3	2 000	40 %
4	2 500	50 %
5	3 000	60 %
6	3 500	70 %
7	4 000	80 %
8	4 500	90 %
9	4 750	95 %
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	5 000	100 %

(b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscábhinn 10-A-2.

- (c) Caimníocht chomhiomlán cuóta na n-earraí tionscnaimh ón Aontas a aicmítear faoi na línte taraife seo a leanas: 19011010, 19011020 agus 19011090.

4. Taraif-chuóta do ghairleog

- (a) Earraí tionscnaimh atá marcáilte leis an nodaireacht ‘TRQ-4’ i bhFoscábhinn 10-A-2 agus a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo, beidh siad faoi réir na rátaí taraife laistigh den chuóta a leanas sna cainníochtaí comhiomlána seo a leanas:

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán MT	Ráta taraife laistigh den chuóta (fabhar ar an mbonnráta)
0	1 875	30 %
1	3 750	40 %
2	5 625	50 %
3	7 500	60 %
4	9 375	70 %
5	11 250	80 %
6	13 125	90 %
7 agus gach bliain ina dhiaidh sin	15 000	100 %

- (b) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscábhinn 10-A-2.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear san ítim taraife seo a leanas: 07032090.

ROINN D

TARAIF-CHUÓTAÍ A RIAR

1. Páirtí a osclaíonn TRQanna don Pháirtí eile, rud dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, déanfaidh sé na TRQanna sin a riar ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin.
2. An Páirtí a osclaíonn TRQanna, cuirfidh sé ar fáil go poiblí, ar bhealach tráthúil leanúnach, an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le riarachán na gcuótaí, lena n-áirítear an méid atá ar fáil agus critéir incháilitheachta.
3. Bunófar tionscnamh táirge a allmhairítear faoin TRQ ar bhonn na rialacha tionscnaimh a shainítear i gCaibidil 11.
4. Féadfaidh MERCOSUR cainníochtaí an TRQ arna oscailt ag an Aontas Eorpach a leithdháileadh i measc na Stát Sínithe MERCOSUR. Sa chás sin, tabharfaidh MERCOSUR fógra 90 (nócha) lá ar a laghad roimh thús na cuótabhlíana maidir le mionsonraí an leithdháilte don Aontas Eorpach chun é a chur chun feidhme. Beidh an leithdháileadh bailí ar feadh 2 bhliain (dhá bhliain) ar a laghad.
5. I gcásanna nach n-úsáidtear na cainníochtaí a leithdháileadh le linn thréimhse an chuóta ina n-iomláine, féadfaidh an Páirtí is onnmhaireoir fógra a thabhairt don Pháirtí is allmhaireoir faoi dheireadh an 8ú (ochtú) mí maidir le hath-leithdháileadh na gcainníochtaí nár úsáideadh don ráithe dheireanach de thréimhse an chuóta. Cuirfidh an Páirtí allmhairiúcháin an t-ath-leithdháileadh sin chun feidhme.
6. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin maidir le cur chun feidhme na Roinne seo.

ROINN E

FACHTÓIRÍ TIONTAITHE

1. Maidir leis na TRQanna a leagtar amach i míreanna 0, 3, 0, 0 agus 6 de Roinn B, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe seo a leanas chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh:

- (a) Taraif-chuótaí a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 de Roinn B:

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaithe
0201 20 20	Ceathrúna ‘cúitithe’ ó bhó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 30	Ceathrúna tosaigh neamhdheighilte nó deighilte ó bhó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 50	Ceathrúna deiridh neamhdheighilte nó deighilte ó bhó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 90	Gearrthacha ó bhó-ainmhithe ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe (gan conablaigh agus cliatháin, ‘ceathrúna cúitithe’, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh a áireamh)	100 %
0201 30 00	Feoil úr nó fhuaraithe ó bhó- ainmhithe, gan chnámh	130 %
0202 20 10	Ceathrúna ‘cúitithe’ ó bhó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0202 20 30	Ceathrúna tosaigh neamhdheighilte nó deighilte ó bhó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0202 20 50	Ceathrúna deiridh neamhdheighilte nó deighilte ó bó-ainmhithe, ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0202 20 90	Gearrthacha ó bhó-ainmhithe ar an gcnámh, iad reoite (gan conablaigh agus cliatháin, ‘ceathrúna cúitithe’, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh a áireamh)	100 %
0202 30 10	Ceathrúna tosaigh ó bhó-ainmnithe, gan chnámha, iad iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus gach ceathrú in aon bhloc amháin; ceathrúna ‘cúitithe’ in dhá bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, í iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus an cheathrú dheiridh ina hiomlán, gan an luan bog a áireamh, in aon phíos amháin sa bhloc eile, iad reoite	130 %

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaithe
0202 30 50	Gearrthacha stéille slinneáin, stéige muiníl agus briscéid ó bhó-ainmhithe, gan chnámh, iad reoite	130 %
0202 30 90	Feoil bó-ainmhithe gan chnámh, í reoite, (gan ceathrúna tosaigh a áireamh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus gach ceathrú mar bhloc amháin, ceathrúna ‘cúitithe’ in dhá bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, í iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus an cheathrú dheiridh iomlán, gan an luan bog a áireamh, in aon phíos amháin sa bhloc eile)	130 %
0206 10 95	Scairt thiubh agus thanaí ó bhó-ainmhithe, í úr nó fuaraithe (gan í sin chun táirgí cógaisíochta a mhonarú a áireamh)	100 %
0206 29 91	Scairt thiubh agus thanaí ó bhó-ainmhithe, í reoite (gan í sin chun táirgí cógaisíochta a mhonarú a áireamh)	100 %
0210 20 10	Feoil ó bhó-ainmhithe, í saillte, faoi sáile, triomaithe nó deataithe, ar an gcnámh	100 %
0210 20 90	Feoil ó bhó-ainmhithe gan chnámh, í saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe	135 %
0210 99 51	Scairt thiubh agus scairt thanaí inite ó bhó-ainmhithe, í saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe	100 %

(b) Taraif-chuóta a leagtar amach i mír 4 de Roinn B:

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaithe
0203 12 11	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
ex 0203 19 55	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, gan chnámh, iad úr nó fuaraithe	120 %
0203 22 11	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, ar an gcnámh, iad reoite	100 %
ex 0203 29 55	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, gan chnámh, iad reoite	120 %

(c) Taraif-chuóta a leagtar amach i míreanna 5 agus 6 de Roinn B:

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaíthe
ex 0207 13 10	Gearrthacha ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad úr nó fuaraithe, gan chnámh, seachas feoil úr nó fuaraithe díchnámhaithe go meicniúil ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> a fhaightear trí fheoil a bhaint de chnámha a bhfuil feoil orthu tar éis díchnámhú, nó de chonablaigh éanlaithe clóis, trí úsáid a bhaint as modhanna meicniúla a gcailltear nó a modhnaítear an struchtúr snáithíní matáin dá mbarr	140 %
0207 13 20	Leatha nó ceathrúna ó éanlaith chlóis, den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 13 50	Brollaigh agus gearrthacha díobh ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	110 %
0207 13 60	Cosa agus gearrthacha díobh ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 13 70	Gearrthacha ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe (gan leatha agus ceathrúna, sciatháin iomlána, bíodh cinn orthu nó ná bíodh, dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, brollaigh, cosa agus codanna díobh a áireamh)	100 %
ex 0207 14 10	Gearrthacha ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad reoite, gan chnámh, seachas feoil reoite ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> a fhaightear trí fheoil a bhaint de chnámha a bhfuil feoil orthu tar éis díchnámhú, nó de chonablaigh éanlaithe clóis, trí úsáid a bhaint as modhanna meicniúla a gcailltear nó a modhnaítear an struchtúr snáithíní matáin dá mbarr	140 %
0207 14 20	Leatha nó ceathrúna ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad reoite	100 %
0207 14 50	Brollaigh agus gearrthacha díobh ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad reoite	110 %

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaithe
0207 14 60	Cosa agus gearrthacha díobh ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 14 70	Gearrthacha ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , ar an gcnámh, iad reoite (gan leatha agus ceathrúna, sciatháin iomlána, bíodh cinn orthu nó ná bíodh, dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, brollaigh, cosa agus gearrthacha díobh a áireamh)	100 %
0207 27 10	Gearrthacha ó thurcaithe den speiceas <i>domesticus</i> , gan chnámh, iad reoite	140 %
1602 32 11	Feoil nó scairteach feola neamhchócaráilte, ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> ina bhfuil ≥ 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (gan ispíní agus táirgí comhchosúla, agus ullmhóidí ae a áireamh)	80 %
1602 32 19	Feoil nó scairteach feola cócaráilte, ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> ina bhfuil ≥ 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (gan ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan ≤ 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola a áireamh)	80 %
1602 32 30	Feoil nó scairteach feola ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> ina bhfuil ≥ 25 % ach < 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (gan ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan ≤ 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola a áireamh)	45 %
1602 32 90	Feoil nó scairteach feola ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith chlóis den speiceas <i>Gallus domesticus</i> (gan í sin ina bhfuil ≥ 25 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis ó thurcaithe nó ó éanlaith ghuine, agus ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan ≤ 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola agus súnna a áireamh)	35 %

2. Maidir leis na TRQanna a leagtar amach i míreanna 14 agus 15 de Roinn B, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe seo a leanas chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc:

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne tharaife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir tiontaithe
0407 11 00	Uibheacha toirchithe atá le goradh, ó éanlaith tí	100 %
0407 19 19	Uibheacha éanlaithe clóis toirchithe le haghaidh gortha (seachas ó thurcaithe, géanna agus éanlaithe)	100 %
0408 11 80	Buíocáin, iad triomaithe, atá lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh	246 %
0408 19 81	Buíocáin, iad leachtach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh	116 %
0408 19 89	Buíocáin (seachas buíocháin leachtacha), iad reoite nó leasaithe ar bhealach eile, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh (seachas buíocháin thriomaithe)	116 %
0408 91 80	Uibheacha éan, iad triomaithe, nach bhfuil sna blaoscanna, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine (seachas buíocáin)	452 %
0408 99 80	Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, iad úr, cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, múnlaith, reoite nó leasaithe ar bhealach eile, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine (seachas uibheacha triomaithe agus buíocháin)	116 %
3502 11 90	Ubh-albaimin, í triomaithe e.g. i leatháin, scálaí, calóga, púdar, atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine	856 %
3502 19 90	Ubh-albaimin, atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine (gan ubh-albaimin thriomaithe a áireamh, [e.g. i leatháin, calóga, criostail, púdar])	116 %

DLEACHTANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Tá feidhm ag na catagóirí seo a leanas maidir le díothú, laghdú nó ceangal dleachtanna onnmhairiúcháin, cánacha nó muirir eile d'aon chineál a fhorchuirtear ar, nó i ndáil le, onnmhairiú earraí chuig críoch an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'dleachtanna onnmhairiúcháin' anseo feasta) ar earraí a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 10.9 den Chomhaontú seo.
 - (a) déanfar dleachtanna onnmhairiúcháin ar earraí i gcatagóir chéimnithe 'Y5' sna sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo a dhíothú ag 3 (trí) chéim bhliantúla chomhionanna; tiocfaidh an chéad laghdú i bhfeidhm an chéad lá den 4ú (ceathrú) bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus socrófar na dleachtanna onnmhairiúcháin ar na hearraí sin ag 0 (nád) ar an gcéad lá den 6ú (séú) bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
 - (b) dleachtanna onnmhairiúcháin ar earraí i gcatagóir chéimnithe 'Y10' sna sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo, beidh siad ceangailte ag 18 % (ocht déag faoin gcéad) ar an gcéad lá den chúigiú bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus laghdófar é go 14 % (ceithre déag faoin gcéad) de réir a chéile i gciortuithe bliantúla líneacha de phointe céatadáin amháin (1) ón gcéad lá den 7ú (seachtú) bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí tús an 10ú (deichiú) bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; agus

- (c) an chéad lá den 4ú (cheathrú) bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní rachaidh dleachtanna onnmhairiúcháin ar earraí i gcatagóir chéimnithe ‘S’ sna sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo thar an mbonnráta a leagtar amach sna sceidil sin.
2. An bonnráta dleachta onnmhairiúcháin agus an chatagóir chéimnithe chun ráta eatramhach na dleachta onnmhairiúcháin a chinneadh ag gach céim den laghdú nó den ghealltanais ceangailteach maidir le hítim, sonraítear iad sna sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo.
3. I gcás leasuithe ar liosta taraifí onnmhairiúcháin MERCOSUR, beidh feidhm ag gealltanais arna ndéanamh faoi na sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo bunaithe ar chomhfhreagairt leis an tuairisc ar an earra, gan beann ar a aicmiú taraife.
4. Déanfar na rátaí dleachta onnmhairiúcháin sna céimeanna eatramhacha a shlánú síos, ar a laghad go dtí an 10ú (deichiú) is gaire de phointe céatadáin.
5. Má chuireann Stát Sínithe MERCOSUR ráta dleachta níos ísle, nó táillí agus muirir eile i bhfeidhm de bhun Roinn C den Iarscríbhinn seo ar onnmhairiú earra, nó i ndáil le honnmhairiú earra, agus fad atá sé níos ísle ná an ráta arna ríomh i gcomhréir leis na sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag an ráta níos ísle sin.

ROINN B

MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ TROMCHÚISEACHA

1. D'ainneoin Airteagal 10.9 den Chomhaontú seo, in imthosca eisceachtúla, a bhfuil údar leo chun míchothromaíochtaí fíoscacha tromchúiseacha nó dímhéas géar tobann ar an airgeadra áitiúil a mhaolú, agus a bhfuil gá le gníomhaíocht láithreach ann ina leith, féadfaidh Stát Sínthe MERCOSUR, ar feadh tréimhse theoranta, dleachtanna custaim nua a thabhairt isteach nó leibhéal na ndleachtanna custaim atá ann cheana a ardú, ar dleachtanna iad a forchuireadh ar onnmhairiú earraí a raibh dleachtanna custaim ar onnmhairí i bhfeidhm ina leith an 31 Nollaig 2018.
2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1 den Roinn seo:
 - (a) beidh géarghá leo chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-imthosca a shonraítear i mír 1 den Roinn seo;
 - (b) ní chuirfear i bhfeidhm iad maidir leis an Aontas Eorpach ná le haon Stát Sínthe MERCOSUR eile ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le tríú tír nó ar bhealach a bheadh ina shrian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta;
 - (c) ní dhéanfar iad a ghníomhachtú ach amháin mar chuid de chlár eacnamaíoch a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca a shonraítear i mír 1 den Roinn seo;
 - (d) beidh siad sealadach, comhréireach agus ní bheidh siad níos troime ná mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar an gcás a shonraítear i mír 1 den Roinn seo agus cuirfear deireadh leo de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh feabhas ar na himthosca sin; agus

(e) fógrófar go hoifigiúil iad ar bhealach lena n-áiritheofar go gcuirfear i bhfeidhm go trédhearcach iad agus go gcuirfear an tAontas Eorpach ar an eolas go tráthúil faoi choinníollacha beachta a gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear an fad atá beartaithe.

3. Arna iarraidh sin don Aontas Eorpach, rachaidh an Stát Síithe MERCOSUR lena mbaineann agus an tAontas Eorpach i gcomhairle go tréimhsiúil maidir le cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Roinn seo agus maidir leis an tréimhse ama chun deireadh a chur leis na bearta sin, ar bearta iad a tugadh isteach de bhreis ar na bearta sin a áirítear sna sceidil dleachta onnmhairiúcháin a leagtar amach i Roinn C.

ROINN C

SCEIDIL DLEACHTA ONNMHAIRIÚCHÁIN

FOROINN 1

SCEIDEAL DLEACHTA ONNMHAIRIÚCHÁIN NA hAIRGINTÍNE

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
12.01.90.00	Díchumasaithe // I mbulc, agus suas le 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10
12.01.90.00	Eile // I mbulc, agus suas le 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10
12.01.90.00	Céadphacáistiú de ghlanmhéid 2 kg nó níos lú (Rún 835/05 SAGPyA) // Díchumasaithe // Níos mó ná 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10
12.01.90.00	Eile // Díchumasaithe // Níos mó ná 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10
12.01.90.00	Céadphacáistiú de ghlanmhéid 2 kg nó níos lú (Rún 835/05 SAGPyA) // Eile // Níos mó ná 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
12.01.90.00	Eile // Eile // Níos mó ná 15 % pacáistithe (Dlí 21.453) // -Eile // Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís:	18	14	Y10
12.08.10.00	-Ó phónairí soighe // Plúr agus min ó shíolta ola nó ó thorthaí olúla, seachas iad siúd ó mhustard.	18	14	Y10
15.07.10.00	I mbulc (Dlí 21.453) // -Amhola, bíodh sí díghumaithe nó ná bíodh // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.10.00	I bpacáistí os cionn 10kg amháin (Dlí 21.453) // -Amhola, bíodh sí díghumaithe nó ná bíodh // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.10.00	Eile // -Amhola, bíodh sí díghumaithe nó ná bíodh // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.90.11	I bpacáistí ina bhfuil toilleadh 5 l nó níos lú (Rún 359/99 MEYOSP) // Scagtha // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.90.19	I mbulc (Dlí 21.453) // Eile // Scagtha // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.90.19	I ndrumaí ina bhfuil toilleadh is mó ná 200 lítear (Dlí 21.453) // Eile, i bpacáistí os cionn 10kg amháin (Dlí 21.453) // Eile // Scagtha // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
15.07.90.19	Eile // Eile, i bpacáistí os cionn 10kg amháin (Dlí 21.453) // Eile // Scagtha // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.90.19	Eile // Eile // Scagtha // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.07.90.90	Eile // -Eile // Ola pónaire soighe agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	18	14	Y10
15.17.90.10	Ina bhfuil ola lus na gréine // Ina bhfuil ola pónaire soighe // Meascáin d'olaí scagtha, i bpacáistí nach mó ná 5 lítear // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.10	Eile // Ina bhfuil ola pónaire soighe // Meascáin d'olaí scagtha, i bpacáistí nach mó ná 5 lítear // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	Ina bhfuil ola lus na gréine // I mbulc (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
15.17.90.90	Eile // I mbulc (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile //Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	I ndrumaí ina bhfuil toilleadh is mó ná 200 lítear (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola lus na gréine, i bpacáistí os cionn 10kg amháin (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	Eile // Eile, ina bhfuil ola lus na gréine, i bpacáistí os cionn 10 kg amháin (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	I ndrumaí ina bhfuil toilleadh is mó ná 200 lítear (Dlí 21.453) //Eile, i bpacáistí os cionn 10kg amháin (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
15.17.90.90	Eile // Eile, i bpacáistí os cionn 10 kg amháin (Dlí 21.453) // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	Ina bhfuil ola lus na gréine // Eile // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.17.90.90	Eile // Eile // Eile, ina bhfuil ola pónaire soighe // Eile // -Eile // Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 15.16	18	14	Y10
15.18.00.90	Ina bhfuil pónairí soighe // De bhunadh plandúil // Meascáin nó ullmhóidí do-ite // Eile // Sailhte agus olaí ainmhíocha, nó sailhte agus olaí plandúla, agus a gcodáin, iad beirthe, ocsaídthe, díhiodráitithe, sulfartha, séidte, polaiméirithe le teas i bhfolús nó i dtriathghás nó modhnaithe go ceimiceach ar bhealach eile, cé is moite de na sailhte agus na holaí atá faoi cheannteideal 15.16; meascáin nó ullmhóidí do-ite de shailhte ainmhíocha nó plandúla, nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile.	18	14	Y10

NCM 2012	Tuairisc	Bonnaráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
23.02.50.00	Millíní crotail pónairí soighe // -Ó phlandaí léagúmacha // Bran, géara agus iarmhair eile, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís, a fhaightear ó ghránaigh nó ó phlandaí léagúmacha a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile nó a oibriú ar bhealach eile:	18	14	Y10
41.04.11.23	Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraithe le hábhar glasraí // Scoilteanna snáithe // --Snáitheanna iomlána, nach bhfuil scoilte; scoilteanna snáithe // -I riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5

NCM 2012	Tuairisc	Bonnaráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
41.04.11.24	Iomlán nó leatha // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // Scoilteanna snáithe // --Snáitheanna iomlána, nach bhfuil scoilte; scoilteanna snáithe // -Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.11.24	Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // Scoilteanna snáithe // --Snáitheanna iomlána, nach bhfuil scoilte; scoilteanna snáithe // -Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.19.10	Scoilteanna craiceann de sheithí ó bhó-ainmhithe // Seithí agus craicne iomlána ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), a bhfuil achar dromchla acu nach mó ná 2.6 m ² , iad cróimshúdaraithe go simplí (gormfhliuch) // --Eile // -I riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.19.10	Eile // Seithí agus craicne iomlána ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), a bhfuil achar dromchla acu nach mó ná 2.6 m ² , iad cróimshúdaraithe go simplí (gormfhliuch) // --Eile // I riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.19.30	Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraithe le hábhar glasraí // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraithe le hábhar glasraí // -- Eile // -Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraithe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
41.04.19.40	Eile // Iomlán nó leatha // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraíthe le hábhar glasraí // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraíthe le hábhar glasraí // -- Eile // - Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.19.40	Eile // Scoilt gan an snáithe (scoilteanna craicinn) // Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraíthe // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // -- Eile // -Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.19.40	Eile // Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), iad réamhshúdaraíthe // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // -- Eile // -Ina riocht fliuch (lena n-áirítear gormfhliuch): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.41.10	Eile // Seithí agus craicne iomlána eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), a bhfuil achar dromchla acu nach mó ná 2,6 m ² // Snáitheanna iomlána, nach bhfuil scoilte; scoilteanna snáithe // -Ina riocht tirim (iad coirteach): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.41.30	Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // -- Snáitheanna iomlána, nach bhfuil scoilte; scoilteanna snáithe // -Ina riocht tirim (iad coirteach): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5

NCM 2012	Tuairisc	Bonnaráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
41.04.49.10	Cróimshúdaraíthe ina riocht tirim (laochraiceann gráncheannach) // Seithí agus craicne iomlána ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), ag a bhfuil achar dromchla nach mó ná 2,6 m ²) // --Eile // -Ina riocht tirim (iad coirteach): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.49.10	Eile // Seithí agus craicne iomlána eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), a bhfuil achar dromchla acu nach mó ná 2,6 m ² // --Eile // -Ina riocht tirim (iad coirteach): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
41.04.49.20	Eile // Seithí agus craicne eile ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) // --Eile // -Ina riocht tirim (iad coirteach): // Seithí agus craicne ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe, iad súdaraíthe nó coirteach, agus lomtha, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu.	10	0	Y5
45.01.10.00	-Corc aiceanta, amh nó ullmhaithe go simplí // Corc aiceanta, amh nó ullmhaithe go simplí; dramhaíl choirc; corc brúite, iad púdraithe nó meilte	10	10	S
45.01.90.00	-Eile // Corc aiceanta, amh nó ullmhaithe go simplí; dramhaíl choirc; corc brúite, é púdraithe nó meilte	10	10	S
45.02.00.00	Cearnaithe go garbh // Corc nádúrtha, é díchúlaithe nó cearnaithe go garbh nó ina bhloic dronuilleogacha (lena n-áirítear cearnógacha), ina bplátaí, ina mbrait nó ina stiallacha (lena n-áirítear crotáin fhaobhacha do choirc nó stopalláin).	5	5	S

NCM 2012	Tuairisc	Bonnaráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
45.02.00.00	Ina stiallacha, bídís treisithe le páipéar nó le teicstíl nó ná bídís // Corc nádúrtha, é díchúlaithe nó cearnaithe go garbh nó ina bhloic dronuilleogacha (lena n-áirítear cearnógacha), ina bplátaí, ina mbrait nó ina stiallacha (lena n-áirítear crotáin fhaobhacha do choirc nó stopalláin).	5	5	S
45.02.00.00	Eile // Corc nádúrtha, é díchúlaithe nó cearnaithe go garbh nó ina bhloic dronuilleogacha (lena n-áirítear cearnógacha), ina bplátaí, ina mbrait nó ina stiallacha (lena n-áirítear crotáin fhaobhacha do choirc nó stopalláin).	5	5	S
47.07.10.00	-Craftpháipéar neamhthuartha nó craft-pháipéarchlár neamhthuartha nó páipéar roctha neamhthuartha nó páipéarchlár roctha neamhthuartha // Páipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll).	20	20	S
47.07.20.00	Páipéar eile nó páipéarchlár eile atá déanta as laíon ceimiceach adhmaid go príomha, gan a bheith daite sa mhais // Páipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll).	20	20	S
47.07.30.00	-Páipéar nó páipéarchlár déanta as laíon meicniúil adhmaid go príomha (mar shampla nuachtáin, irisí agus ábhar eile clóite den chineál sin) // Páipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll).	20	20	S
47.07.90.00	-Eile, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll nach bhfuil sórtáilte // Páipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll).	20	20	S
72.04.10.00	-Fuíoll iarainn agus dramhaíl iarainn theilgte // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.21.00	Earraí ástainíteacha (sraith AISA 3000 agus caighdeáin choibhéiseacha) // --As cruach dhosmálta // Fuíoll agus dramhaíl den chruach chóimhiotail: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
72.04.21.00	Eile // --As cruach dhosmálta // -Fuíoll agus dramhaíl den chruach chóimhiotail: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.29.00	As cruach ardluais // --Eile // -Fuíoll agus dramhaíl den chruach chóimhiotail: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.29.00	Eile // Eile // --Eile // -Fuíoll agus dramhaíl den chruach chóimhiotail: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.30.00	-Fuíoll agus dramhaíl d'iarann stánaithe nó de chruach stánaithe // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.41.00	--Fuíoll na deile, scamhach, sliseoga, fuíoll meilte, minsáibh, mionrabh, scotháin agus stampáin, bídis tiomsaithe ina mbearta nó ná bíodh // Fuíoll agus dramhaíl nach iad: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.49.00	--Eile // -Fuíoll agus dramhaíl nach iad: // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
72.04.50.00	-Athleá na n-uingí dramhaíola // Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí agus iarann	5	5	S
97.01.10.00	Eile // Bunábhair // -Péintéireachtaí, líníochtaí agus pastail, ar de láimh a rinneadh go hiomlán iad, cé is moite de líníochtaí faoi cheannnteideal 49.06 agus cé is moite d'earraí monaraithe ar de láimh a péinteáladh nó a maisíodh iad; colláisi agus plaiceanna maisiúla comhchosúla.	5	5	S

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
97.01.10.00	Eile // -Péintéireachtaí, líníochtaí agus pastail // -Péintéireachtaí, líníochtaí agus pastail, ar de láimh a rinneadh go hiomlán iad, cé is moite de líníochtaí faoi cheannteideal 49.06 agus cé is moite d'earraí monaraithe ar de láimh a péinteáladh nó a maisíodh iad; colláisi agus plaiceanna maisiúla comhchosúla.	5	5	S
97.01.90.00	Eile // -Bunábhair // -Eile // Péintéireachtaí, líníochtaí agus pastail, ar de láimh a rinneadh go hiomlán iad, cé is moite de líníochtaí faoi cheannteideal 49.06 agus cé is moite d'earraí monaraithe ar de láimh a péinteáladh nó a maisíodh iad; colláisi agus plaiceanna maisiúla comhchosúla.	5	5	S
97.01.90.00	Eile // -Eile // Péintéireachtaí, líníochtaí agus pastail, ar de láimh a rinneadh go hiomlán iad, cé is moite de líníochtaí faoi cheannteideal 49.06 agus cé is moite d'earraí monaraithe ar de láimh a péinteáladh nó a maisíodh iad; colláisi agus plaiceanna maisiúla comhchosúla.	5	5	S
97.02.00.00	Eile // Greantaí, priontaí agus liteagraif bhunaidh.	5	5	S
97.03.00.00	Eile // Dealbhóireacht nó dealbh bhunaidh, in aon ábhar.	5	5	S
97.04.00.00	Stampaí poist nó cánach, postmharcanna stampáilte, clúdaigh chéadlae, stáiseanóireacht poist (páipéar stampáilte), agus a leithéidí, a úsáideadh nó nár úsáideadh, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 49.07.	5	5	S
97.05.00.00	Trófaíthe seilge // Bailiúcháin agus earraí bailitheora na zó-eolaíochta (R.2012/93 ex ANA) // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Eile // Bailiúcháin agus earraí bailitheora na zó-eolaíochta (R.2012/93 ex ANA) // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S

NCM 2012	Tuairisc	Bonnaráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
97.05.00.00	Leabhair, bróisiúir agus ábhar clóite comhchosúil, bídis ina mbileoga aonair nó ná bídis (R.634/93 ex ANA) // Earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na staire, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Eile // Earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na staire, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na seandálaíochta de // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na pailé-ointeolaíochta de // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Bailiúcháin agus earraí bailitheora na luibheolaíochta // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
97.05.00.00	Bandaineon diatonach // Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneolaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.05.00.00	Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, eolaíocht na mianraí, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneolaíochta nó na moneolaíochta de.	5	5	S
97.06.00.00	Leabhair, bróisiúir agus ábhar clóite comhchosúil, bídís ina mbileoga aonair nó ná bídís (R.634/93 ex ANA) // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Bandaineon diatonach // Uirlisí ceoil // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Eile // Uirlisí ceoil // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	As adhmaid // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Tiomsúcháin ealaíne agus montáisi bunaidh (Dlí 24633 agus Forathne Rialála Uimh. 1321) // As ceirmigh // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Eile // As ceirmigh // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Tiomsúcháin ealaíne agus montáisi bunaidh (Dlí 24633 agus Forathne Rialála Uimh. 1321) // As ábhair theicstíle // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Eile // As ábhair theicstíle // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S
97.06.00.00	Eile // Eile // Seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois	5	5	S

FOROINN 2

SCEIDEAL DLEACHTA ONNMHAIRIÚCHÁIN URAGUA

NCM 2012	Tuairisc	Bonnráta (%)	Ráta deiridh (%)	Catagóir
41.01	Seithí agus craicne, neamhthuartha, saillte, picilte agus gormfhliuch.	5	0	Y5
41.04.11		5	0	Y5
41.04.19		5	0	Y5

ROINN D

FORÁLACHA A BHAINNEANN LEIS AN mBRASAÍL

1. I gcás na Brasaíle, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc ar dhleachtanna onnmhairiúcháin a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun, mar a shonraítear in Airteagal 10.9 den Chomhaontú seo, maidir le honnmhairiú na dtáirgí a liostaítear i mír 2 den Roinn seo ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a shonraítear i mír 3 den Roinn seo.
2. Tá feidhm ag neamh-infheidhmeacht fhéideartha Airteagal 10.9 den Chomhaontú seo maidir le táirgí a aicmítear faoin gCóras Comhchuibhithe (2022) i gCaibidlí 25 go 28 agus faoi Cheannteidil 71.10, 72.02, 81.09 agus 81.12.
3. Má ghlacann an Bhrasaíl dleachtanna onnmhairiúcháin ar tháirgí a liostaítear i mír 2 den Roinn seo, laghdófar an dleacht a chuirfear i bhfeidhm ar onnmhairí na dtáirgí sin atá beartaithe don Aontas Eorpach faoi mhéid nach lú ná 50 % (caoga faoin gcéad). In aon chás, ní rachaidh an dleacht onnmhairiúcháin fhabhrach thar 25 %.

4. Má chuireann an Bhrasaíl dleachtanna onnmhairiúcháin i bhfeidhm ar tháirgí a liostaítear i mír 2 den Roinn seo maidir le tríú tíortha ar théarmaí is fabhraí ná na téarmaí a shonraítear i míreanna 2 agus 3 den Roinn seo, tabharfaidh an Bhrasaíl fógra don Aontas Eorpach agus déanfaidh sí a dícheall iad a leathnú chuig an Aontas Eorpach, tar éis caibidlíochta.
5. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála athbhreithniú a dhéanamh ar an Roinn seo, lena n-áirítear an liosta táirgí, arna iarraidh sin don Bhrasaíl nó don Aontas Eorpach.

MONAPLACHTAÍ ALLMHAIRIÚCHÁIN NÓ ONNMHAIRIÚCHÁIN

1. Coinníonn Uragua an mhonaplacht allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin ainmnithe seo a leanas ar bun: Administración Nacional de Combustibles, Alcohol y Portland (ANCAP).
 2. Forchoimeádann an Bhrasaíl an ceart monaplachtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a choinneáil ar bun nó a ainmniú sna hearnálacha seo a leanas:
 - (a) peitiriam, gás agus hidreacarbóin eile; agus
 - (b) mianraí núicléacha.
-

TRÁDÁIL I dTÁIRGÍ FÍONA AGUS BIOTÁILLÍ

ROINN A

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le táirgí fíona a thagann faoi cheannteidil 2204 agus 2205 agus maidir le biotáillí a thagann faoi cheannteideal 2208 den Chóras Comhchuibhithe a tháirgtear sna Páirtithe.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe ar tháirgí fíona agus cleachtais fhíoneolaíocha

1. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall sainmhínithe agus cleachtais fhíoneolaíocha a ghlacadh le haghaidh táirgí fíona arna moladh agus arna bhfoilsíú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (dá ngairtear ‘OIV’ anseo feasta).

2. Údaróidh gach Páirtí allmhairiú agus díol táirgí fíona a tháirgtear sa Pháirtí eile lena dtomhailt, ar choinníoll go ndearnadh iad de réir:

- (a) na sainmhínithe ar tháirgí arna mbunú i ngach Páirtí agus atá i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha OIV;
- (b) na cleachtais fhíoneolaíocha arna mbunú i ngach Páirtí agus atá i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha OIV; agus
- (c) na sainmhínithe agus na cleachtais fhíoneolaíocha arna mbunú i ngach Páirtí agus nach bhfuil i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha OIV, mar a liostaítear i bhFoscúbhinn 10-D-1.

3. Má bheartaíonn Páirtí sainmhíniú nua nó cleachtas fíoneolaíoch nua a údarú, nó sainmhíniú nó cleachtas fíoneolaíoch atá ann cheana agus a liostaítear i bhFoscúbhinn 10-D-1 dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 a mhodhnú, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile gan mhoill. Áireofar san fhógra sainchomhad teicniúil ina mbeidh míniú iomlán ar an réasúnaíocht is bonn leis an sainmhíniú nua nó modhnaithe nó leis an gcleachtas fíoneolaíoch nua nó modhnaithe. Féadfaidh an Páirtí eile agóid a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 90 (nócha) lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra. Mura ndéanfaidh an Páirtí eile agóid ina choinne, measfar an leasú ar Fhoscúbhinn 10-D-1 a bheith comhaontaithe ag na Páirtithe.

4. Má dhéanann an Páirtí eile agóid laistigh de na 90 (nócha) lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra dá dtagraítear i mír 3, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin d'fhonn réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a aimsiú laistigh de 60 (seasca) lá tar éis an dáta a gheofar an agóid. Féadfaidh na Páirtithe síneadh a chur leis an tréimhse ama 60 (seasca) lá trí chomhaontú frithpháirteach.

5. Má thagann na Páirtithe ar chomhaontú le linn na gcomhairliúcháin, beidh feidhm ag míreanna 6 agus 7. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú den sórt sin le linn na gcomhairliúcháin, ní leasófar Foscúbhinn 10-D-1.

6. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála Foscríbhinn 10-D-1 a leasú chun sainmhínithe nua nó cleachtais fhíoneolaíocha nua a chur léi nó chun modhnuithe a dhéanamh ar shainmhínithe nó ar chleachtais fhíoneolaíocha atá ann cheana agus a comhaontaíodh de bhun mhír 3 nó mhír 4.

7. I gcásanna ina mbeidh comhaontú ann de bhun mhíreanna 3 nó 4, údaróidh Páirtí allmhairiú agus díol fionta lena dtomhailt a tháirgtear sa Pháirtí eile tar éis dháta chur i bhfeidhm an tsainmhínithe nó an chleachtais fhíoneolaíoch i gcríoch an Pháirtí a ghlacann an beart sin, fiú mura mbeidh cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála de bhun mhír 6 glactha nó tagtha i bhfeidhm an tráth sin.

ROINN B

AIRTEAGAL 3

Táirgí fíona agus biotáillí a lipéadú

1. Ní cheanglóidh Páirtí go dtaispeánfar aon cheann de na dátaí seo a leanas, nó a gcomhionann, ar an gcoimeádán, ar an lipéad nó ar an bpacáistíocht de tháirgí fíona agus biotáillí:

- (a) dáta an phacáistithe;
- (b) dáta an bhuidéalaithe; nó
- (c) an dáta táirgthe nó monaraithe.

2. Féadfaidh Páirtí a cheangal go dtaispeánfar dáta íosmharthanachta ar choimeádán, lipéad nó pacáistiú táirgí fíona nó biotáillí a tháirgtear sa Pháirtí eile a bhféadfadh dáta íosmharthanachta níos giorra a bheith acu ná mar a bheadh tomhaltóirí ag súil leis de ghnáth mar gheall ar chomhábhair meatacha a bheith curtha leo.
3. Ní cheanglóidh Páirtí go mbeadh aistriúcháin ar thrádmharcanna, ainmneacha branda nó tásca geografacha ar taispeáint ar choimeádáin, ar lipéid nó ar phacáistíocht táirgí fíona nó biotáillí a tháirgtear sa Pháirtí eile.
4. Ceadóidh gach Páirtí faisnéis shainordaitheach, lena n-áirítear aistriúcháin, a bheith ar taispeáint ar lipéad forlíontach a bheidh greamaithe de choimeádán táirgí fíona nó biotáillí a tháirgtear sa Pháirtí eile. Féadfar na lipéid fhorlíontacha sin a ghreamú tar éis a allmhairithe agus sula gcuirfear an táirge ar an margadh i gcríoch an Pháirtí, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach ar taispeáint go hiomlán agus go cruinn.
5. Ceadófar cóid sainaitheantais baisceanna a úsáid ar choimeádán, ar lipéad nó ar phacáistíocht agus, má úsáidtear cóid den sórt sin, ní scriosfar iad.
6. Ní chuirfidh Páirtí beart lipéadaithe i bhfeidhm maidir le táirgí fíona nó biotáillí a bhí ar an margadh i gcríoch an Pháirtí eile roimh an dáta ar tháinig an beart i bhfeidhm, ach amháin má tá údar cuí leis.
7. Ceadófar líníochtaí, fíoracha nó léaráidí a úsáid ar choimeádán, ar lipéid nó ar phacáistíocht táirgí fíona nó biotáillí a tháirgtear sa Pháirtí eile. Ní thiocfaidh líníochtaí, fíoracha ná léaráidí den sórt sin in ionad na faisnéise lipéadaithe éigeantaí agus ní chuirfidh siad tomhaltóirí ar míthreoir maidir le saintréithe agus comhdhéanamh na dtáirgí fíona agus na mbiotáillí.

8. Féadfar ainm cineáil fíniúna a áireamh ar lipéid ar táirgí fíona a allmhairítear agus a mhargaítear i gcríoch Páirtí má tháirgtear na táirgí fíona sin trí úsáid a bhaint as an gcineál sin agus má luaitear an cineál sin i liosta amháin ar a laghad de na heagraíochtaí seo a leanas:

- (a) an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV);
- (b) an tAontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí; nó
- (c) an Bord Idirnáisiúnta um Acmhainní Géiniteacha Plandaí.

Ainm cineáil fíniúna de chuid Páirtí ina bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint de chuid an Pháirtí eile, nó atá comhdhéanta dá leithéid, ní úsáidfear an t-ainm sin i lipéadú fíona a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile. A mhéid a bhaineann le liosta na dtasc geografach a leagtar amach i Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn 21-B, i mír 3 d'Fhoscríbhinn 21-B-1 déanann na páirtithe ainmneacha na gcineálacha plandaí nach gcuirfear cosc ar a n-úsáid a shainaithint. Ní fhéadfaidh Páirtí cosc a chur ar úsáid na gcineálacha fíniúna dá dtagraítear i mír 4 d'Fhoscríbhinn 21-B-1.

9. Ní bheidh táirgí fíona agus biotáillí faoi réir lipéadú ailléirginí maidir le hailléirginí a úsáideadh chun na táirgí fíona agus biotáillí a mhonarú agus a ullmhú agus nach bhfuil i láthair sa táirge deiridh¹.

10. Maidir le trádáil i dtáirgí fíona idir na Páirtithe, féadfar tuairisc a thabhairt ar fhíon súilíneach nó é a chur i láthair le táscaire den chineál táirge a shonraítear sa Chód Idirnáisiúnta um Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV.

¹ Níl feidhm ag an méid sin maidir le lipéadú glútain.

11. Cosnaítear na hainmneacha táirgí fíona agus biotáillí seo a leanas, i gcomhréir le Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint an 20 Márta 1883, arna athbhreithniú go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967:

- (a) ainm Ballstáit den Aontas Eorpach le haghaidh táirgí fíona agus biotáillí de thionscnamh an Bhallstáit den Aontas Eorpach lena mbaineann; agus
- (b) ainm Stáit Sínithe MERCOSUR.

AIRTEAGAL 4

Úsáid téarmaí sonracha i dtáirgí fíona

1. Ceadóidh an tAontas Eorpach úsáid na dtéarmaí fíona a liostaítear i gCuid 1 d'Fhoscríbhinn 10-D-2 ar tháirgí fíona ó gach Stát Sínithe MERCOSUR a mhargaítear san Aontas Eorpach, i gcomhréir le sainmhíniú na dtéarmaí fíona sin i ndlíthe agus i rialacháin an Stáit Sínithe MERCOSUR sin.
2. Ceadóidh MERCOSUR na téarmaí fíona a liostaítear i gCuid 2 d'Fhoscríbhinn 10-D-2 a úsáid ar tháirgí fíona a mhargaítear in MERCOSUR ón Aontas Eorpach, i gcomhréir le sainmhíniú na dtéarmaí fíona sin i ndlíthe agus i rialacháin an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi iarratas ar théarmaí fíona breise a áireamh i bhFoscúbhinn 10-D-2. Áireofar san fhógra sainchomhad teicniúil ina mbeidh sainmhíniú ar na téarmaí fíona agus tagairt do dhlíthe nó rialacháin infheidhme an Pháirtí a thugann fógra. Laistigh de 6 (sé) mhí tar éis an dáta a gheofar an fógra, tabharfaidh an Páirtí eile fógra faoi thoradh an scrúdaithe ar an iarratas sin. Más rud é, bunaithe ar thorthaí an scrúdaithe, go nglactar leis an téarma breise fíona a áireamh, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála a chinneadh trí chomhthoil é a áireamh i bhFoscúbhinn 10-D-2.

AIRTEAGAL 5

Deimhniúchán táirgí fíona agus biotáillí

1. I gcás táirgí fíona a allmhairítear ó Pháirtí agus a chuirtear ar an margadh sa Pháirtí eile, beidh an doiciméadacht agus an deimhniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó cheachtar Páirtí teoranta do na doiciméid agus do na deimhnithe a liostaítear i bhFoscúbhinn 10-D-3.
2. Údaróidh gach Páirtí allmhairiú biotáillí ina chríoch i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an doiciméad deimhniúcháin allmhairiúcháin agus tuarascálacha anailíse dá ndéantar foráil faoina dhlíthe.
3. Féadfaidh Páirtí ceanglais bhreise shealadacha maidir le deimhniúchán onnmhairsiúcháin a thabhairt isteach do tháirgí fíonta agus biotáillí a allmhairítear ón bPáirtí eile mar fhreagairt ar ábhair inní dhlisteanacha a bhaineann le beartas poiblí, amhail cosaint sláinte nó tomhaltóirí, nó chun gníomhú in aghaidh calaoise. I gcásanna den sórt sin, soláthrófar faisnéis chuí don Pháirtí eile agus am leordhóthanach chun na ceanglais bhreise a chomhlíonadh. Ní chuirfear síneadh le ceanglais den sórt sin níos faide ná an tréimhse ama is gá chun freagairt don ábhar inní faoi leith maidir le beartas poiblí arb ina leith a tugadh na ceanglais isteach.
4. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinneadh a ghlacadh chun Foscúbhinn 10-D-3 a leasú i ndáil leis an doiciméadacht agus leis an deimhniú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 6

Rialacha is infheidhme agus cóir náisiúnta

1. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCuid III den Chomhaontú seo agus gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha Chaibidil 13, déanfar táirgí fiona agus biotáillí a allmhairiú agus a mhargú i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme i gcríoch an Pháirtí allmhairiúcháin.
2. Tabharfar cóir nach lú fabhar do tháirgí fiona a allmhairítear ó chríoch Páirtí ná mar a thugtar do tháirgí fiona comhchosúla de thionscnamh náisiúnta.

ROINN C

AIRTEAGAL 7

Bearta idirthréimhseacha

Maidir le táirgí fiona agus biotáillí a ndearnadh, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, iad a tháirgeadh, a shonrú, agus a chur i láthair i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí agus leis na comhaontuithe is infheidhme atá ann cheana féin idir na Páirtithe, ach nach gcomhlíonann na forálacha san Iarscríbhinn seo, féadfar iad a mhargú faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ag mórdhíoltóirí nó táirgeoirí, go ceann tréimhse 3 bliana; agus
- (b) ag miondhíoltóirí, go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

SAINMHÍNITHE AGUS CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA A nGLACANN NA PÁIRTITHE
LEO

1. Moirt úr

Féadfar moirt úr a úsáid faoi na coinníollacha sonracha agus teoranta a leagtar amach i mír líne 11.2 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscúbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás seachtháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV.

2. Úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor coigeartaithe tiubhaithe agus siúcros

Féadfar úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor coigeartaithe tiubhaithe agus siúcros a úsáid le haghaidh saibhríthe agus miltíthe faoi choinníollacha sonracha agus teoranta (Iarscúbhinn VIII, Cuid I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás seachtháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle agus Airteagal 22 d'Fhorairhne Feidearálach na Brasaíle Uimh. 8.198/2014), faoi réir úsáid na dtáirgí sin i bhfoirm athdhéanta i dtáirgí fíona a eisiámh.

3. Srian le huisce a chur leis

Eisiatar uisce a chur leis an bhfionsaothrú, ach amháin nuair is gá sin chun comhdhúile fíoneolaíocha údaraithe a úsáidtear san fhionsaothar a thuaslagadh.

TÉARMAÍ FÍONA

ROINN A

AN tAONTAS EORPACH

ROINN B

MERCOSUR

AN AIRGINTÍN:

Crianza¹, Dulce Natural², Fino³, Gran Reserva⁴, Reserva⁵, Vino Dulce Natural⁶, Vino Generoso⁷.

-
- ¹ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach.
² Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach.
³ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach.
⁴ Ceadaítear an téarma a úsáid le haghaidh táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach agus a aosaíodh i mbairille roimh bhuidéalú ar feadh 18 mí déag ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 12 mhí (dhá mhí dhéag) i gcás fíonta geala agus rosé.
⁵ Ceadaítear úsáid an téarma le haghaidh táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach agus a aosaíodh i mbairille roimh bhuidéalú ar feadh 12 mhí (dhá mhí dhéag) ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 6 mhí (sé) mhí i gcás fíonta geala agus rosé.
⁶ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach.
⁷ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tasc geografach.

Denominación de origen controlada (DOC), Indicación geográfica (IG), Indicación de Procedencia (IP)

AN BHRASAÍL:

Fino¹, Gran Reserva², Leve³, Reserva⁴.

Denominação de origem (DO), Indicação geográfica (IG), Indicação de Procedência (IP)

-
- ¹ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.
- ² Ceadaítear an téarma a úsáid le haghaidh táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha agus a aosaíodh i mbairille roimh bhuidéalú ar feadh 18 mí déag ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 12 mhí (dhá mhí dhéag) i gcás fíonta geala agus rosé.
- ³ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.
- ⁴ Ceadaítear úsáid an téarma le haghaidh táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha agus a aosaíodh i mbairille roimh bhuidéalú ar feadh 12 mhí (dhá mhí dhéag) ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 6 mhí (sé) mhí i gcás fíonta geala agus rosé.

URAGUA:

Fino¹, Leve², Reserva³, Viejo⁴, Vino Generoso⁵.

Denominación de origen (DO), Denominación de origen controlada (DOC), Indicación geográfica (IG), Indicación de Procedencia (IP)

-
- ¹ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.
- ² Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.
- ³ Ceadaítear úsáid an téarma le haghaidh táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha agus a aosaíodh i mbairille roimh bhuidéalú ar feadh 12 mhí (dhá mhí dhéag) ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 6 mhí (sé) mhí i gcás fíonta geala agus rosé.
- ⁴ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.
- ⁵ Ceadaítear an téarma a úsáid i gcás táirgí fíona a chumhdaítear le tásca geografacha.

DOICIMÉADACHT AGUS DEIMHNIÚ TÁIRGÍ FÍONA

Doiciméid deimhniúcháin agus tuarascáil anailíse

1. Údaróidh gach Páirtí táirgí fíona a allmhairiú isteach ina gcríoch i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear na doiciméid deimhniúcháin allmhairiúcháin agus na tuarascálacha anailíse dá bhforáiltear i gcomhréir le téarmaí na hIarscúbhinn seo.
2. Comhlíonfar na ceanglais maidir le táirgí fíona a allmhairiú isteach i gcríoch Páirtí trí na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid údaráis inniúla an Pháirtí is allmhairioir:
 - (a) deimhniú arna eisiúint ag údarás oifigiúil de chuid na tíre thionscnaimh a aithnítear go frithpháirteach; agus
 - (b) má tá an táirge fíona beartaithe lena chaitheamh go díreach ag an duine, áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil anailíse arna tarraingt suas ag saotharlann atá aitheanta go hoifigiúil ag an tír thionscnaimh:
 - (i) neart alcóil iomlán de réir toirte;
 - (ii) aigéadacht iomlán, arna sloinneadh mar aigéad tartarach;
 - (iii) aigéadacht luaineach, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach; agus
 - (iv) dé-ocsaíd sulfair iomlán.

3. Féadfaidh an Fochoiste um thrádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí cinneadh a ghlacadh chun mionsonraí na rialacha a leagtar amach i mír 2 den Fhoscríbhinn seo a chinneadh, go háirithe na foirmeacha atá le húsáid agus mionsonraí na faisnéise atá le soláthar sa tuarascáil anailíse.
4. Na modhanna anailíse a aithnítear mar mhodhanna tagartha agus a fhoilsíonn OIV nó mura n-aithníonn agus mura bhfoilsíonn OIV modh iomchuí, beidh forlámhas ag modh anailíse a chomhlíonann na caighdeáin atá molta ag Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú mar mhodhanna tagartha chun comhdhéanamh anailíseach an táirge fíona a chinneadh i gcomhthéacs oibríochtaí rialaithe.
5. Ní bheidh allmhairiú táirgí fíona de thionscnamh chríoch an Pháirtí eile faoi réir ceanglais deimhniúcháin allmhairiúcháin níos sriantaí ná na ceanglais dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-D.
